Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Aistear

Creatchuraclam na Luath-Óige
The Early Childhood Curriculum Framework

## *Treoir do Theaghlaigh*

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)
2025



# Clár Ábhar


Cuspóir 1

Cad is *Aistear* ann agus cén áit ar féidir é a úsáid? 1

Cén Fhís atá ar fáil in *Aistear*? 2

Cad iad Prionsabail *Aistear*? 2

- Saoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda 3
- Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú 3
- Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí 4
- Teaghlach agus Pobal 4
- Oideoirí Gníomhaíocha 5
- Aistrithe 5
- Foghlaim agus Forbairt Iomlánaíoch 6
- Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla 7
- Timpeallachtaí Foghlama 8

Cad iad Téamaí *Aistear*? 9

*Aistear* agus *Creatchuraclam na Bunscoile* 10

Teaghlaigh agus oideoirí luathbhlianta ag obair le chéile 10

Cén áit ar féidir liom *Aistear* a fháil? 11

## Cuspóir

Forbraíodh an treoir seo chun cuidiú le teaghlaigh tuiscint a fhorbairt ar an gcaoi ar féidir cuidiú a fháil in *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* d'fhoghlaim agus forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga i suíomhanna luath-óige. Óir is í an luath-óige an tús le haistear foghlama naíonán, lapadán agus leanaí óga, tugtar *Aistear* ar an gCreat.


## Cad is *Aistear* ann agus cén áit ar féidir é a úsáid?

Is é *Aistear* creatchuraclam na hÉireann ina dtugtar eolas chun tacú leis an luathfhoghlaim agus an luathfhorbairt ón mbreith go dtí go dtosaíonn páistí ar an mbunscoil nó scoil speisialta. Céadfhoilsíodh *Aistear* thiar in 2009 agus nuashonraíodh in 2024 é.

Más rud é go bhfuil do naíonán, lapadán nó leanbh óg ag freastal ar naíolann, feighlí linbh, grúpa súgartha nó réamhscoil, baineann na hoideoirí luathbhlianta leas as *Aistear* mar threoir agus tacaíocht leis an luathfhoghlaim agus an luathfhorbairt.

Feidhmíonn *Aistear* mar threoir agus tacaíocht do gach cur chuige curaclaim i suíomhanna luath-óige, lena n-áirítear *Montessori*, *High Scope*, *Steiner*, *Reggio*, Naíonraí agus cuir chuige eile nach iad atá bunaithe ar an súgradh.

Cuirtear síos in *Aistear* ar na cineálacha taithí foghlama a mbaineann tábhacht leo do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga. Áirítear chomh maith an Fhís, naoi bPrionsabal agus ceithre Théama (Fíor 1).




Fíor 1: Ábhar *Aistear*



## Cén Fhís atá ar fáil in *Aistear*?

Is í an fhís atá ar fáil in *Aistear* ná cuidiú le gach naíonán, lapadán agus leanbh óg chun fás go tréan. Cuirtear i láthair ann iad mar dhaoine atá cumasach, muiníneach agus in ann a gcuid roghanna féin a dhéanamh faoina bhfoghlaim féin. Tacaíonn *Aistear* le gach naíonán, lapadán agus leanbh óg chun foghlaim ar a luas féin agus ar an mbealach is fearr a oireann dóibh. Aithnítear ann an cumas atá acu agus léirítear urraim do chearta gach naíonáin, lapadáin, agus linbh óig chomh maith lena spéiseanna, riachtanais agus láidreachtaí féin.

## Cad iad Prionsabail *Aistear*?

Tá *Aistear* bunaithe ar naoi bPrionsabal atá mar bhunchloch den Chreat (Fíor 2). Mínítear gach ceann acu sin thíos maille le samplaí den chaoi a bhfeicfeadh do naíonán, do lapadán nó do leanbh óg iad i suíomhanna luath-óige. Is féidir le teaghlaigh agus oideoirí luathbhlianta obair as lámh a chéile chun cuidiú le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga na Prionsabail sin a fheiceáil i mbun feidhme gach lá.




Fíor 2: Prionsabail *Aistear*

## Saoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda

Baineann Prionsabal na Saoránach Gníomhaíoch Domhanda le saoránacht na cruinne. Baineann fíorthábhacht leis, agus cuirtear síos leis ar chearta naíonán, lapadán agus leanaí óga. Áirítear ar na cearta sin an ceart chun súgartha, le haire a fháil agus le bheith curtha san áireamh. Dírítear leis an bPrionsabal freisin ar fhreagrachtaí méadaitheacha naíonán, lapadán agus leanaí óga chun aire a thabhairt dóibh fein, do dhaoine eile, agus don timpeallacht.

Ar bhonn laethúil, is éard a chiallaíonn Prionsabal na Saoránach Gníomhaíoch Domhanda gur fíor iad na rudaí seo a leanas i gcás naíonán, lapadán agus leanaí óga:

- go dtugtar aird orthu, go léirítear meas orthu, go dtugtar cosaint dóibh agus go gcothaítear iad chun a chinntiú go mbraitheann siad slán sábháilte agus go dtugtar grá dóibh
- go mbíonn siad neamhspleách agus gur féidir leo roghanna a dhéanamh
- go bhfoghlaimíonn siad conas aire a thabhairt dóibh féin, do dhaoine eile agus don timpeallacht trí mheán súgartha agus eispéireas díreach.

## Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú

Baineann Prionsabal na hIlchineálachta, an Chothromais agus an Ionchuimsithe leis an gceart atá ag gach duine meas agus cóir chothrom a fháil. Bíonn an ceart ag gach naíonán, lapadán agus leanbh óg muintearas a fháil, agus ba cheart tacú agus cuidiú leo chun rannpháirt a ghlacadh agus a gcumas aonair féin a fhorbairt. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar aon dúshlán a d'fheicfeadh naíonáin, lapadáin nó leanbh óg i bhfianaise a gcúlra nó a gcumais.

Ar bhonn laethúil, is éard a chiallaíonn Prionsabal na hIlchineálachta, an Chothromais agus an Ionchuimsithe gur fíor iad na rudaí seo a leanas i gcás naíonán, lapadán agus leanaí óga:

- go bhfuil braistint chomhuintearais acu agus go mbíonn siad páirteach sa súgradh agus in eispéiris a thaitníonn leo
- go bhfeiceann siad meas á léiriú agus ceiliúradh á dhéanamh ar a dteaghlach, a bpobal, a gcultú(i)r, agus a dteanga(cha)
- go léiríonn siad cineáltas dóibh féin agus do dhaoine eile, agus gur féidir leo seasamh ar a son féin agus daoine eile má chaitear go míchothrom leo.



## Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí

Baineann Prionsabal na gCaidreamh agus na nIdirghníomhaíochtaí lena thábhachtaí atá sé a bheith i dteannta daoine eile agus le grá agus aire a fháil ó dhaoine eile. Teastaíonn ó naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a bheith i dteannta daoine eile agus an t-am agus spás a fháil chun aithne a chur ar dhaoine tábhachtacha ina mbeatha. Sa luath-óige baineann fíorthábhacht leis an bpríomhtheagmhálaí agus leis an gcairdeas luath.

Ar bhonn laethúil, is éard a chiallaíonn Prionsabal na gCaidreamh agus na nIdirghníomhaíochtaí gur fíor iad na rudaí seo a leanas i gcás naíonán, lapadán agus leanaí óga:

- go dtugtar am, spás agus saoirse dóibh a bheith ina n-aonar agus i dteannta daoine eile – a dteaghlach, cairde agus oideoirí luathbhlianta ar luas mall réchúiseach
- go gcothaítear a gcairdeas agus a gcaidreamh leis an bpríomhtheagmhálaí. Is príomhtheagmhálaí é oideoir luathbhlianta ar a leagtar cúram do naíonán, do lapadán nó do leanbh óg i suíomh luath-óige
- go dtugtar tacaíocht dóibh a gcuid mothúchán féin a bhainistiú agus dul i ngleic le cásanna crua.

## Teaghlach agus Pobal

Baineann Prionsabal an Teaghlaigh agus an Phobail le haitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann leis an teaghlach agus pobal chun tacaíocht a thabhairt don fhoghlaim agus forbairt. Tugann teaghlaigh grá agus aire do na naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ina saol agus ar a seal féin tugann na naíonáin, lapadáin agus leanaí óga áthas, dóchas agus sonas do shaol daoine eile.

Ar bhonn laethúil, is éard a chiallaíonn Prionsabal an Teaghlaigh agus an Phobail gur fíor iad na rudaí seo a leanas i gcás naíonán, lapadán agus leanaí óga:

- go bhfaigheann siad tuiscint ar an tábhacht a bhaineann lena muintir agus lena bpobal ina mbeatha agus go bhfoghlaimíonn siad rudaí an-tábhachtach uathu
- go bhfeiceann siad urraim á tabhairt dá dteanga(cha), dá gcultú(i)r, dá gceol, dá ndamhsa agus dá scéalta baile, agus go gcomhroinntear le daoine eile iad
- go bhfeiceann siad a dteaghlach agus oideoirí luathbhlianta ag obair le chéile chun cuidiú leo a gcumas féin a bhaint amach.



## Oideoirí Gníomhaíocha

Baineann Prionsabal na nOideoirí Gníomhaíocha leis an eolas, taithí agus saoirse a bheith ag oideoirí luathbhlianta chun leas a bhaint as *Aistear* le haire a thabhairt do na naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a n-oibríonn siad leo, agus oideachas a chur orthu. Tugann oideoirí luathbhlianta an luathfhoghlaim faoi ndeara agus cothaíonn siad í, agus oibríonn siad le teaghlaigh chun tacú le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a gcumas aonair a bhaint amach ar luas mall réchúiseach.

Ar bhonn laethúil, is éard a chiallaíonn Prionsabal na nOideoirí Gníomhaíocha gur fíor iad na rudaí seo a leanas i gcás naíonán, lapadán agus leanaí óga:

- go mbíonn siad sona agus go mbaineann siad taitneamh as bheith i dteannta oideoirí luathbhlianta a léiríonn meas orthu agus a thugann cothú dá bhfoghlaim agus dá bhforbairt tríd an súgradh agus eispéiris phraiticiúla
- go dtugtar aitheantas dá spéiseanna agus eispéiris ón mbaile agus ón bpobal, agus i gcás inarb iomchuí, go gcuireann na hoideoirí luathbhlianta, a bhfuil aithne mhaith acu orthu agus ar a dteaghlach, leis na spéiseanna agus eispéiris sin
- go mbraitheann siad slán sábháilte agus go bhfuil siad i dteannta daoine a thugann aire agus cosaint dóibh in aghaidh na díobhála



## Aistrithe

Baineann Prionsabal na nAistrithe le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ag foghlaim conas dul i ngleic le hathruithe. Feiceann siad athruithe móra ar nós freastal ar fheighlí linbh agus tosú ar an réamhscoil. Ar bhonn laethúil feiceann siad athruithe beaga ar nós beathú, oiliúint ar úsáid leithris, bogadh idir an baile agus ionaid eile. Baineann tábhacht le gach aistriú, agus teastaíonn am, grá agus tacaíocht ó naíonáin, lapadáin agus leanaí óga chun dul i dtaithí orthu.

Ar bhonn laethúil, is éard a chiallaíonn Prionsabal na nAistrithe gur fíor iad na rudaí seo a leanas i gcás naíonán, lapadán agus leanaí óga:

- go bhfaigheann siad roinnt mhaith ama, airde agus tacaíochta ó oideoirí luathbhlianta le dul i dtaithí ar athruithe mar chuid den saol
- go bhfoghlaimíonn siad tuiscint a fháil ar athruithe trí labhairt fúthu agus trí scéalta a léamh agus a chloisteáil fúthu
- go mbíonn a fhios acu go labhraíonn agus go n-oibríonn teaghlaigh agus oideoirí luathbhlianta lena chéile chun na haistrithe a dhéanamh chomh dearfach agus is féidir.



## Foghlaim agus Forbairt Iomlánaíoch

Baineann Prionsabal na Foghlama agus na Forbartha Iomlánaíche le tuiscint a fháil go mbíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ag foghlaim gan stad agus go bhfoghlaimíonn siad roinnt mhaith rudaí ag an am céanna. Trí eolas a fháil ar ghníomhaíochtaí a thaitníonn leo, ar an gcaoi a ndéanann siad cumarsáid, agus ar na daoine ar maith leo a bheith ina dteannta; cinntítear go dtugtar éagsúlacht eispéireas foghlama do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga.

Ar bhonn laethúil, is éard a chiallaíonn Prionsabal na Foghlama agus Forbartha Iomlánaíche gur fíor iad na rudaí seo a leanas i gcás naíonán, lapadán agus leanaí óga:

- go dtugann oideoirí luathbhlianta tacaíocht dóibh, daoine a thuigeann go mbíonn baint ag an bhfoghlaim agus forbairt leis an mbaile, pobal agus ionaid eile ina gcaitheann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a gcuid ama
- gur maith leo nuair a thugann oideoirí luathbhlianta faoi ndeara na nithe a bhfuil spéis acu iontu, na nithe ar maith leo iad agus nach maith leo iad, agus an méid a dteastódh cúnamh breise leis uathu
- go mbaineann siad amach a gcumas nuair a chuireann oideoirí luathbhlianta tacaíocht dá bhfoghlaim agus dá bhforbairt agus nuair a chuireann siad ar aghaidh iad, nuair a thugann siad deiseanna súgartha dea-cháilíochta ar fáil taobh istigh agus taobh amuigh, agus nuair a thugann siad spreagadh dóibh páirt a ghlacadh i gcúraimí fíorshaoil.





## Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla

Baineann Prionsabal an tSúgartha agus na nEispéireas Praiticiúil le deiseanna a bheith ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga súgradh agus rudaí a dhéanamh dóibh féin, taobh istigh agus taobh amuigh. Cuidíonn na heispéiris sin leo foghlaim fúthu féin, faoina dteaghlach agus faoin saol mórthimpeall orthu. Is rud lárnach é am agus saoirse a bheith acu súgradh ina n-aonar agus i dteannta daoine eile, lena n-áirítear naíonáin, lapadáin agus leanaí óga eile agus oideoirí, dá bhfoghlaim agus dá bhforbairt.

Ar bhonn laethúil, is éard a chiallaíonn Prionsabal an tSúgartha agus na nEispéireas Praiticiúil gur fíor iad na rudaí seo a leanas i gcás naíonán, lapadán agus leanaí óga:

- go mbíonn an t-am, an spás agus na hacmhainní acu chun súgradh agus taiscéalaíocht a dhéanamh taobh istigh agus taobh amuigh ina n-aonar, agus i dteannta daoine eile
- go mbíonn siad gníomhach agus go n-úsáideann siad a gcuid céadfaí agus corp chun foghlaim faoin saol
- go mbíonn siad gníomhach agus go ndéanann siad súgradh fiontrach a mbaineann riosca leis taobh amuigh i ngach cineál aimsire, súgradh a thugann deiseanna le haghaidh dúshláin coirp agus deiseanna chun riosca a mheasúnú.

## Timpeallachtaí Foghlama

Baineann Prionsabal na dTimpeallachtaí Foghlama lena thábhachtaí atá an spás fisiciúil agus na h-acmhainní fisiciúla a chuirtear ar fáil taobh istigh agus taobh amuigh. Áirítear leis freisin na gnáthaimh laethúla, na haistrithe, na caidrimh, na hidirghníomhaíochtaí agus cuimsítear gach aon naíonán, lapadán agus leanbh óg. Is gné an-tábhachtach den timpeallacht foghlama í taithí a fháil ar an dúlra agus an ceantar ina gcónaíonn siad.

Ar bhonn laethúil, is éard a chiallaíonn Prionsabal na Timpeallachta Foghlama gur fíor iad na rudaí seo a leanas i gcás naíonán, lapadán agus leanaí óga:

- go bhfeiceann siad a dteaghlach, a bpobal agus a gcultú(i)r á léiriú sna limistéir shúgartha agus sna hacmhainní a chuirtear ar fáil
- go gcuirtear san áireamh iad agus go mbraitheann siad páirteach in eagrú na timpeallachta taobh a eagrú taobh istigh agus taobh amuigh
- go mbíonn an tsaoirse acu bogadh ón taobh istigh go dtí an taobh amuigh, agus gur féidir leo teacht ar acmhainní a rochtain atá sábháilte, spéisiúil agus a thugann dúshlán freisin dá bhfoghlaim agus dá bhforbairt, agus a leathnaíonn iad.



# Cad iad Téamaí *Aistear*?

In *Aistear* cuirtear i láthair an luathfhoghlaim agus an luathfhorbairt trí leas a bhaint as ceithre Théama (Fíor 3). Déantar cur síos i ngach ceann de na ceithre Théama ar an méid ba cheart do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a fhoghlaim leis na hAidhmeanna agus Spriocanna Foghlama.




Fíor 3: Téamaí *Aistear*

Is éard atá i gceist le téama na **Folláine** ná go mbeadh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga muiníneach, sona agus sláintiúil.

Dírítear sna hAidhmeanna agus Spriocanna Foghlama ar thacaíocht a thabhairt dá sláinte fhisiciúil agus dá meabhairshláinte. Cuirtear luach san fholláine ar chaidrimh agus ar a thábhachtaí atá an súgradh agus eispéiris phraiticiúla taobh istigh agus taobh amuigh.

Is éard atá i gceist le téama **na Féiniúlachta agus an Mhuintearais** ná go mbeadh tuiscint dhearfach ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ar a bhféiniúlacht féin agus go mbraithfidís go léirítear urraim dóibh féin, dá dteaghlach agus dá bpobal, agus go dtugtar meas orthu féin, ar a dteaghlach agus ar a bpobal.

Dírítear sna hAidhmeanna and Spriocanna Foghlama ar bhraistint mhuintearais a fhorbairt agus dea-chaidrimh a chothú leo féin agus le daoine eile. Le Féiniúlacht agus Muintearas cuirtear tábhacht leis an gcineáltas agus an éisteacht, chomh maith le héisteacht a fháil.

Baineann téama na **Cumarsáide** le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ag roinnt a n eispéireas, a smaointe, agus a mothúchán le chéile.

Aithnítear sna hAidhmeanna agus Spriocanna Foghlama go ndéanann gach naíonán, lapadán agus leanbh óg cumarsáid agus idirghníomhú ar a mbealach féin agus ag a luas féin. Is cuidiú do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga é faisnéis a roinnt agus a fháil ar roinnt mhaith bealaí chun a dtuiscint ar a saol agus ar na daoine ann a leathnú.

Is éard atá i gceist le téama **na Taiscéalaíochta agus na Smaointeoireachta** ná go mbeadh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga fiosrach agus ag iarraidh ciall a bhaint as nithe, áiteanna agus daoine ina saol.

Dírítear sna hAidhmeanna agus na Spriocanna Foghlama ar an úsáid a bhaineann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga as a gcéadfaí, an smaointeoireacht, agus as bogadh chun an saol mórthimpeall orthu a thaiscéaladh agus a thuiscint. Cuidíonn súgradh ina n-aonar, agus i dteannta daoine eile, leo a bheith ag foghlaim agus a gcumas aonair a fhorbairt.

## *Aistear* agus *Creatchuraclam na Bunscoile*

Nuar a bhogann do pháiste ar aghaidh chuig an mbunscoil nó scoil speisialta, beidh *Creatchuraclam na Bunscoile* i bhfeidhm, atá ceaptha le haghaidh na mblianta idir rang na naíonán sóisearach agus rang a sé sna bunscoileanna agus scoileanna speisialta. Tá naisc ann idir *Aistear* agus *Creatchuraclam na Bunscoile* chun a chinntiú go leanfaidh do pháiste ar aghaidh ag fáil na n-eispéireas a thaitníonn leo agus iad ag dul ar aghaidh go dtí an scoil. Mar shampla, déantar cur síos sa dá Chreat ar a thábhachtaí atá caidrimh agus idirghníomhaíochtaí, na timpeallachtaí foghlama, na haistrithe agus an fhoghlaim agus forbairt trí mheán an tsúgartha.

Sula dtosóidh do pháiste ar scoil, féadfaidh oideoirí luathbhlianta eolas a ullmhú duit lena comhroinnt le múinteoir nua do pháiste maidir le foghlaim agus forbairt do pháiste. Má roinntear an t-eolas sin lena múinteoir nua, d'fhéadfadh sé cuidiú le do pháiste leis an aistriú go dtí an bhunscoil óir bheadh spéiseanna agus láidreachtaí do pháiste ar eolas ag an múinteoir. Chuideodh sé leis an múinteoir freisin eolas a fháil ar na réimsí ina bhféadfadh tacaíocht bhreise a bheith de dhíth ar do pháiste. Nuair a roinntear an t-eolas sin, tugtar tacaíocht do bhunscoil nó scoil speisialta do pháiste a bheith réidh le fáilte a fhearadh rompu agus leanúint ar aghaidh ag tabhairt tacaíocht d'fhoghlaim agus forbairt do pháiste agus iad ag bogadh ar aghaidh óna n-eispéiris foghlama i suíomhanna luath-óige.






## Teaghlaigh agus oideoirí luathbhlianta ag obair le chéile

Is rud tábhachtach do theaghlaigh agus d'oideoirí luathbhlianta é a bheith ag obair le chéile. Mínítear in *Aistear* go dteastaíonn daoine i saol naíonán, lapadán agus leanaí óga a thugann grá dóibh, a mbíonn na rudaí is maith agus nach maith leo ar eolas acu, agus a chomhroinneann eolas thábhachtach fúthu ar bhonn tráthrialta.

Ba cheart do theaghlaigh agus d'oideoirí luathbhlianta obair as lámha a chéile chun cuidiú leis an naíonán, an lapadán nó an leanbh óg socrú síos sa timpeallacht nua agus tairbhe a bhaint as an bhfoghlaim spraíúil bhríomhar agus deiseanna forbartha a chuirtear ar fáil. Is féidir le teaghlaigh faisnéis thábhachtach a chomhroinnt ar bhonn tráthrialta le hoideoirí luathbhlianta faoina naíonán, a lapadán nó a leanbh óg. Trí eispéiris foghlama fhiúntacha a chur ar fáil a nasctar le gnáthshaol laethúil naíonán, lapadán agus leanaí óga sa bhaile, is féidir le hoideoirí luathbhlianta a luathfhoghlaim agus a luathfhorbairt a chothú agus a leathnú.



## Cén áit ar féidir liom *Aistear* a fháil?

Tá *Aistear* ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Le hamharc ar an gCreat téigh chuig **curriculumonline.ie/ga-ie/early-childhood**



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland